Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2022–2023

# Eolaíocht Teastais Shingil: Ceimic

Aonad 2

Ardsraith

**[GSA22]**

*GSA22*

**DÉ MÁIRT 22 SAMHAIN 2022, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **1(a)**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, leis seo le húsáid.

13869.02

**1** Rinne dalta táscaire ceimiceach as planda le go dtiocfadh leis tástáil a dhéanamh ar shubstaintí éagsúla lena fháil amach an raibh siad aigéadach, alcaileach nó neodrach.

**(a)** Cuir síos ar an dóigh ar féidir táscaire a dhéanamh as planda.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- ainm planda fhóirsteanaigh;
- cur síos ar an mhodh;
- an dóigh ar léir ón táscaire cé acu substaint ar aigéad í agus cé acu substaint ar alcaile í; agus
- **dhá** réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

**(b)** Mínigh ina iomláine an fáth a bhfuil táscaire uilíoch ar cheann de na táscairí ceimiceacha is úsáidí.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [2]

**(c)** **(i)** Ainmnigh píosa fearais a thiocfadh leis an dalta a úsáid dá mba mhaith leis an leibhéal pH a bhaineann le gach substaint a thomhas.

____________________________________________________________________ [1]

**(ii)** Tabhair **aon** fháth **amháin** a bhfuil an fearas seo níos úsáidí ná táscaire uilíoch.

____________________________________________________________________ [1]

**2** Tá cuid mhór daoine ann a bhfuil dúil acu sa rothaíocht. Tá feabhas tagtha ar na hábhair a úsáidtear le rothair agus clogaid a dhéanamh le himeacht na mblianta.



*Foinse: © Getty Images*

Tá eolas tugtha sa tábla thíos faoi cheithre ábhar a d'fhéadfaí iad a úsáid le frámaí rothair nó le clogaid rothair a dhéanamh.

| **Ábhar** | **Neart** | **Dlús/ g/cm$^3$** | **Meánchostas ar Rothar** | **Faisnéis Eile** |
|---|---|---|---|---|
| alúmanam | meánach | 2.7 | £900 | Somhúnlaithe, buanfasach, frithchreimneach. |
| cruach | an-ard | 7.9 | £600 | Somhúnlaithe, buanfasach, sodheisithe, inchreimthe. |
| snáithín carbóin | ard | 1.6 | £1500 | Frithchreimneach, somhúnlaithe, buanfasach. |
| tíotáiniam | ard | 4.5 | £3000 | Frithchreimneacht ar dóigh, is deacair é a mhonarú, buanfasach, beagnach doscriosta. |

Úsáid faisnéis ón tábla thall leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(a)** Tabhair **aon** fháth **amháin** a mbeadh alúmanam níos fearr ná cruach le fráma rothair a dhéanamh. Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Ainmnigh an t-ábhar ab fhearr le húsáid le clogaid rothair a dhéanamh. Tabhair an **dá** fháth is tábhachtaí ar fóirsteanaí an t-ábhar seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Taispeántar thíos rothaí a bhfuil T-léine líocra agus spéaclaí a bhfuil lionsaí fótacrómacha iontu air.



*Foinse: © Getty Images*

**(i)** Is ábhar sintéiseach é líocra. Cad é a chiallaíonn an téarma **sintéiseach**?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(ii)** Cad é a chiallaíonn an téarma ábhar **fótacrómach**?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(d)** Úsáidtear nanacháithníní dé-ocsaíde tíotáiniam in uachtair ghréine.

**(i)** Tabhair **dhá** fháth a n-úsáidtear nanacháithníní in uachtair ghréine.

1. ____________________________________________________________________

2. ____________________________________________________________________ [2]

**(ii)** Tabhair **aon** fháth **amháin** a bhfuil roinnt daoine buartha faoi úsáid nanacháithníní in uachtair ghréine.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**3** Tá sóidiam agus clóirín léirithe ar an Tábla Pheiriadach mar atá taispeánta thíos.


| 23<br>Na<br>11 | 35.5<br>Cl<br>17 |
|---|---|

**(a)** Comhlánaigh an tábla thíos a bhaineann le cáithníní fo-adamhacha in **adamh sóidiam**.

| **Cáithnín fo-adamhach** | **Líon a bhíonn i láthair in adamh sóidiam** | **Lucht coibhneasta** |
|---|---|---|
| | | +1 |
| | | 0 |
| leictreon | 11 | –1 |

[2]

**(b)** Comhlánaigh na léaráidí thíos leis na struchtúir leictreonacha a bhíonn ag adaimh shóidiam agus ag adaimh chlóirín a thaispeáint.




sóidiam clóirín

[2]

(c) Imoibríonn sóidiam le clóirín le clóiríd sóidiam a tháirgeadh.

(i) I dtéarmaí leictreon, cuir síos ar an dóigh a bhfoirmítear clóiríd sóidiam le linn an imoibrithe seo.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

(ii) Tabhair an chumraíocht leictreonach atá ag **ian sóidiam**.

______________ [1]

(iii) Tabhair an fhoirmle faoi choinne an **iain clóiríde** a fhoirmítear le linn an imoibrithe seo.


______________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**4** **(a)** Rinne dalta roinnt carbónáit chopair a imoibriú le haigéad sulfarach caol agus thaifead sé toirt na dé-ocsaíde carbóin a táirgeadh ar eatraimh 10 soicind. Tá na torthaí taispeánta thíos.

| Am/s | 0 | 10 | 20 | 30 | 40 | 50 | 60 | 70 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Toirt dé-ocsaíde carbóin/$cm^3$ | 0 | 21 | 34 | 44 | 49 | 52 | 52 | 52 |

**(i)** Ar an eangach thíos, breac agus tarraing líneghraf faoi choinne na faisnéise seo. Tá an chéad dá phointe breactha duit.




[3]

**(ii)** Cé acu eatramh 10 soicind a raibh an ráta imoibrithe is gasta lena linn?

Ciorclaigh do fhreagra.

**10–20 s** : **20–30 s** : **30–40 s** : **40–50 s**

[1]

**(iii)** Déan cur síos iomlán ar an treocht atá léirithe leis an fhaisnéis seo.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** **(i)** I dtéarmaí cáithníní, mínigh an fáth a n-ardófaí ráta an imoibrithe seo dá dtéifí an t-aigéad.

______________________________________________________________

______________________________________________________________


______________________________________________________________ [2]

**(ii)** Seachas an teocht a ardú, tabhair **aon** bhealach **amháin** eile a bhféadfaí ráta imoibrithe cheimicigh a ardú.

______________________________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**5** Is féidir alúmanam a eastóscadh as a mhian trí leictrealú a úsáid mar atá taispeánta thíos.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(a)** Cad é a chiallaíonn an téarma **leictrealú**?

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Déantar ocsaíd alúmanaim (alúmana) a íonghlanadh ó mhian alúmanaim.

**(b)** Ainmnigh mian alúmanaim.

______________________________________________ [1]

**(c)** Comhlánaigh an leathchothromóid thíos faoi choinne foirmiú alúmanaim ag an chatóid.

____________ + ____________ $\longrightarrow$ Al [2]

**(d)** Ainmnigh an gás a tháirgtear ag an anóid.

______________________________________________ [1]

**(e)** Mínigh ina iomláine an fáth ar gá an anóid a athrú ó am go chéile.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(f)** Bíonn sé níos tíosaí alúmanam a athchúrsáil ná é a tháirgeadh trí leictrealú. Mínigh an fáth.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**6** Faightear go leor hidreacarbón as amhola.

**(a)** Cuir síos ar an dóigh a ndéantar amhola a dheighilt ina hidreacarbóin dhifriúla trí dhriogadh codánach.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]


**(b)** Cé acu hidreacarbón thíos a bhaineann leis an aicme a seasann an fhoirmle ghinearálta $C_nH_{2n}$ di?

Ciorclaigh do fhreagra.

**bútán** **própán** **búitéin** **eatán**


[1]

**(c)** Comhlánaigh an tábla thíos a bhaineann le roinnt hidreacarbón.

| **Hidreacarbón** | **Foirmle mhóilíneach** | **Foirmle struchtúrach** |
|---|---|---|
| eatán | $C_2H_6$ | |
| | $C_4H_{10}$ |  |
| próipéin | $C_3H_6$ | |

[3]

**(d)** Is é atá taispeánta thíos ná móilín clóiríde vinile.




Is féidir le go leor móilíní clóiríde vinile ceangal le chéile le clóiríd pholaivinile a fhoirmiú.

**(i)** Cad é an t-ainm a thugtar ar an phróiseas seo?

______________________________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an chothromóid siombailí thíos lena léiriú an dóigh ar féidir le clóiríd vinile imoibriú le clóiríd pholaivinile a fhoirmiú.



[2]

Is plaistigh iad poileitéin agus clóiríd pholaivinile atá araon do-bhithmhillte.

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma **do-bhithmhillte**?

______________________________

______________________________ [1]

Is féidir ailcéiní a dhó le fuinneamh a scaoileadh.

**(e)** Comhlánaigh an chothromóid chothromaithe siombailí thíos faoi choinne dóchán iomlán eitéine, $C_2H_4$.

$C_2H_4$ + $\longrightarrow$ +

[3]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

## NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

13869.02/1